# Scéal chrosóg Bhríde

BRÍD 1500

Is ar Lá Fhéile Bríde, an 1 Feabhra, gach bliain a dhéantaí crosóga Bhríde go traidisiúnta. Is as tuí, giolcacha nó luachra a dhéantaí iad de ghnáth, agus an t-ábhar sin fite le chéile i gcruth ceithreghéagach chun crosóg a dhéanamh.

Go traidisiúnta, chrochtaí iad i gceann tí seantithe chun tine a chosc agus d'fhágtaí ansin iad gach bliain. Le himeacht na mblianta bheadh neart crosóg le feiceáil sa cheann tuí.

Sa lá atá inniu ann, déantar gach bliain iad agus crochtar iad os cionn doirse chun tine a chosc agus chun gach éinne atá sa teach a choinneáil slán.

Scéal iontach é scéal chrosóg Bhríde.

Bhí taoiseach págánach ann lá agus é an-tinn. Tháinig a shearbhóntaí ag lorg cúnaimh ó Bhríd toisc nach bhféadfadh sé aon fhaoiseamh a fháil.

Bhuail Bríd isteach chuige agus taobh istigh de chúpla nóiméad bhí éirithe léi an taoiseach a dhéanamh níos séimhe agus a chur ar a shuaimhneas. Labhair sí leis agus d'éist sé go géar léi.

Fad is a bhí sí ag caint leis, phioc sí roinn luachra ón talamh. Bhí luachra ag clúdach na talún chun é a choinneáil glan, teolaí agus tirim.

Thosaigh sí ag fí na luachra agus á lúbadh, ceann ar a chéile, i bhfoirm ciorcail agus rinne sí crosóg gharbh shimplí astu.

Bhí an taoiseach págánach ag breathnú ar Bhríd agus an chrosóg á fí aici. Chuir sé ceisteanna uirthi faoin gcrosóg agus an bhrí a bhí léi. Mhínigh sí stair na crosóige agus scéal na Críostaíochta dó.

Bhí an taoiseach faoi dhraíocht ag an scéal agus d'iarr sé uirthi é a thiontú chun na Críostaíochta. D'aontaigh Bríd é a bhaisteadh, agus rinne sí sin díreach sula bhfuair sé bás.